2024/2872

8.11.2024

CINNEADH (AE) 2024/2872 ÓN gCOMHAIRLE

an 5 Samhain 2024

lena gceaptar cúigear comhaltaí agus seisear comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Polainne, de Choiste na Réigiún

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 305 de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2019/852 ón gComhairle an 21 Bealtaine 2019 lena gcinntear comhdhéanamh Choiste na Réigiún ([1]),

Ag féachaint don togra ó rialtas na Polainne,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 300(3) den Chonradh, tá Coiste na Réigiún le bheith comhdhéanta d'ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha agus áitiúla a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil nó atá freagrach go polaitiúil do thionól tofa.

(2) An 20 Eanáir 2020, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2020/102 ([2]), lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025. An 18 Feabhra 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2021/322 ([3]), lena gceaptar comhalta malartach de Choiste na Réigiún. An 13 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (AE) 2023/581 ([4]), lena gceaptar comhalta agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Polainne, de Choiste na Réigiún.

(3) Tá suíocháin ceathrar comhaltaí ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Gustaw Marek BRZEZIN éirí as agus tar éis dheireadh na sainorduithe náisiúnta ar ar a mbonn a moladh Mariusz Rafał FRANKOWSKI, Józef JODŁOWSKI agus Robert KOŚCIUK a cheapadh.

(4) Ceapadh Joachim Michał SMYŁA mar chomhalta de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024. Dá bhrí sin, tá suíochán comhalta ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh.

(5) Tá suíocháin bheirt chomhaltaí mhalartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh ar dhul in éag do na sainorduithe náisiúnta ar ar a mbonn a moladh Adam BANASZAK agus Sebastian ŁUKASZEWICZ a cheapadh.

(6) Ceapadh Marcin Artur JABŁOŃSKI, Andrzej Antoni PŁONKA, agus Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún go dtí an 30 Aibreán 2024. Dá bhrí sin, tá suíocháin triúr comhaltaí malartacha ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh.

(7) Beidh suíochán comhalta mhalartaigh ar Choiste na Réigiún tagtha chun bheith folamh tar éis do Piotr Franciszek CAŁBECKI a bheith ceaptha ina chomhalta de Choiste na Réigiún.

(8) Mhol rialtas na Polainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Adam BANASZAK, ar bhonn sainordú náisiúnta éagsúil, *Radny Powiatu Inowrocławskiego* (Comhairleoir Chontae Inowroclaw), Piotr Franciszek CAŁBECKI, *Radny Województwa Kujawsko-Pomorskiego* (Comhairleoir Chúige Kujawsko-Pomorskie), Ms Ewa JANCZAR, *Radna Miasta Stołecznego Warszawy* (Comhairleoir Phríomhchathair Várs), Andrzej Antoni PŁONKA, *Radny Powiatu Bielskiego* (Comhairleoir Chontae Bielsko-Biala), agus Joachim Michał SMYŁA, *Radny Powiatu Lublinieckiego* (Comhairleoir Chontae Lubliniec).

([1]) IO L 139, 27.5.2019, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/852/oj.
([2]) Cinneadh (AE) 2020/102 ón gComhairle an 20 Eanáir 2020 lena gceaptar comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún don tréimhse ón 26 Eanáir 2020 go dtí an 25 Eanáir 2025 (IO L 20, 24.1.2020, lch. 2, ELI: https://eur-lex.europa.eu/eli/dec/2020/102/oj).
([3]) Cinneadh (AE) 2021/322 ón gComhairle an 18 Feabhra 2021 lena gceaptar comhalta malartach de Choiste na Réigiún (IO L 64, 24.2.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2021/322/oj).
([4]) Cinneadh (AE) 2023/581 ón gComhairle an 13 Márta 2023 lena gceaptar comhalta agus triúr comhaltaí malartacha, arna moladh ag Poblacht na Polainne, de Choiste na Réigiún (IO L 76, 15.3.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2023/581/oj).

(9) Mhol rialtas na Polainne na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad a bhfuil acu sainordú toghchánach in údarás réigiúnach nó áitiúil, mar chomhaltaí malartacha de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025: Grzegorz CICHY, *Burmistrz Gminy i Miasta Proszowice* (Méara Bhardas agus Chathair Proszowice), Marcin Artur JABŁOŃSKI, *Członek Zarządu Województwa Lubuskiego* (Comhalta de Bhord Bainistíochta Chúige Lubuskie), Marcin KUCHCIŃSKI, *Radny Województwa Warmińsko-Mazurskiego* (Comhairleoir Chúige Warmińsko-Mazurskie), Janina Ewa ORZEŁOWSKA, *Radna Województwa Mazowieckiego* (Comhairleoir Chúige Mazowieckie), Rafał Henryk RUDKA, *Radny Powiatu Bocheńskiego* (Comhairleoir Cheantar Bochnia), agus Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA, *Radna Powiatu Rzeszowskiego* (Comhairleoir Chontae Rzeszów),

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar na hionadaithe seo a leanas, ar ionadaithe do chomhlachtaí réigiúnacha nó áitiúla iad agus a bhfuil acu sainordú toghchánach, chuig Coiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2025:

(a) mar chomhaltaí:

— Adam BANASZAK, *Radny Powiatu Inowrocławskiego* (Comhairleoir Chontae Inowroclaw) (athrú sainordaithe),

— Mr Piotr Franciszek CAŁBECKI, *Radny Województwa Kujawsko-Pomorskiego* (Comhairleoir Chúige Kujawsko-Pomorskie),

— Ewa JANCZAR, *Radna Miasta Stołecznego Warszawy* (Comhairleoir Phríomhchathair Várs á),

— Andrzej Antoni PŁONKA, *Radny Powiatu Bielskiego* (Comhairleoir Chontae Bielsko-Biala), agus

— Joachim Michał SMYŁA, Radny Powiatu Lublinieckiego (Comhairleoir Chontae Lubliniec),

agus

(b) mar chomhaltaí malartacha:

— Grzegorz CICHY, *Burmistrz Gminy i Miasta Proszowice* (Méara Bhardas agus Chathair Proszowice),

— Marcin Artur JABŁOŃSKI, *Członek Zarządu Województwa Lubuskiego* (Comhalta de Bhord Bainistíochta Chúige Lubuskie),

— Marcin KUCHCIŃSKI, *Radny Województwa Warmińsko-Mazurskiego* (Comhairleoir Chúige Warmińsko-Mazurskie),

— Janina Ewa ORZEŁOWSKA, *Radna Województwa Mazowieckiego* (Comhairleoir Chúige Mazowieckie),

— Rafał Henryk RUDKA, *Radny Powiatu Bocheńskiego* (Comhairleoir Cheantar Bochnia), agus

— Lucyna Teresa SOKOŁOWSKA, *Radna Powiatu Rzeszowskiego* (Comhairleoir Chontae Rzeszów).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2024.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

VARGA M.